Aonad 6

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Cáin Ioncaim agus CBL

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí 2 Freagraí



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**1.** Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo.

Úsáidtear an córas ÍMAT chun Cáin Ioncaim a bhailiú ó **fhostaithe** agus ó dhaoine a fhaigheann **pinsean** oibre. Úsáidtear an córas féinmheasúnaithe chun Cáin Ioncaim a bhailiú ó dhaoine atá féin**fhostaithe** agus ó dhaoine a bhfuil ioncam neamh-**ÍMAT** acu. Tugtar daoine inmhuirir ar na grúpaí a ngearrtar cáin orthu faoin gcóras féinmheasúnaithe.

**2.** Sainaithin an Sceideal D ceart agus uimhir an cháis ó na mínithe seo.

| Míniú | Sceideal D, Uimhir an Cháis |
|---|---|
| Ioncam cíosa | **V** |
| Ús nach ngearrtar cáin air agus ioncam eachtrach | **III** |
| Ioncam ó cheird | **I** |
| Ioncam a ngearrtar cáin air agus ioncam ilghnéitheach | **IV** |
| Ioncam ó ghairm | **II** |

**3.** Déan Idirdhealú idir ioncam comhlán agus ioncam glan.

**a.** Baineann **ioncam comhlán leis an ioncam iomlán roimh asbhaintí.**

**b.** Ríomhtar ioncam glan mar **Ioncam comhlán lúide asbhaintí.**

**4.** An ioncam ÍMAT nó ioncam neamh-ÍMAT iad na cineálacha ioncaim seo thíos?

| Cineál Ioncaim | Ioncam ÍMAT / Ioncam neamh-ÍMAT |
|---|---|
| 1. Tuarastal | **ÍMAT** |
| 2. Brabús gnó | **Neamh-ÍMAT** |
| 3. Ioncam cíosa | **Neamh-ÍMAT** |
| 4. Bónas | **ÍMAT** |
| 5. Ús bainc a fuarthas | **Neamh-ÍMAT** |
| 6. Coimisiún | **ÍMAT** |

**5.** Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

**a.** Is gá do dhuine aonair clárú le haghaidh féinmheasúnú Cánach Ioncaim má sháraíonn a ioncam glan neamh-ÍMAT €8,000/ **€5,000**.

**b.** Is é an spriocdháta íoca agus tíolactha le haghaidh féinmheasúnú Cánach Ioncaim ná 31 Márta / **31 Deireadh Fómhair**.

**c.** Ní mór do dhuine aonair clárú le haghaidh féinmheasúnú Cánach Ioncaim má sháraíonn a ioncam comhlán neamh-ÍMAT **€30,000** / €50,000.

**d.** Is cáin dhíreach / **indíreach** ar earraí agus ar sheirbhísí é CBL.

**e.** Is é an ráta caighdeánach CBL ná 13.5% / **23%**.

**f.** Is gá do ghnólachtaí a dhíolann earraí os cionn **€75,000** / €105,000 clárú le haghaidh CBL.

**g.** Ciallaíonn an téarma ROS **Seirbhísí ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim** / Seirbhísiú Ioncaim ar Líne.